OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Scéim Teanga 2014 – 2017
(Faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003)

Márta 2014

Clár na nÁbhar

Caibidil 1 : Réamhrá agus Cúlra 2

1.1 Ullmhúchán na Scéime 2
1.2 Athbhreithniú ar an gCéad Scéim 2007-2010 3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime 4

Caibidil 2 : Forléargas ar Oifig na nOibreacha Poiblí 5

2.1 Misean 5
2.2 Sainordú 5
2.3 Custaiméirí 5
2.4 Seirbhísí 5
2.4.1 Bainistíocht Phunann Eastáit 5
2.4.2 Bainistíocht Riosca Tuilte 6
2.4.3 Seirbhísí Corparáideacha 6
2.5 Struchtúr Bainistíochta OOP 6
2.6 Creat Dlíthiúil 6

Caibidil 3 : Feabhas ar Sheirbhísí trí Ghaeilge 8

3.1 Suirbhé ar an nGaeilge 8
3.2 Láithreacha Oidhreachta 8
3.2.1 Seirbhísí na dTreoraithe 8
3.2.2 Foilseacháin ag Láithreacha Oidhreachta 9
3.3 Suíomh Gréasáin 10
3.4 Aonad Caidrimh Phoiblí 10
3.5 Foireann Lasc-chláir 10
3.6 Acmhainní Teanga agus Aistriúchán 10

Caibidil 4: Ár dTiomantas faoin Scéim seo 12

Caibidil 5: Monatóireacht agus Athbhreithniú 15

5.1 Monatóireacht 15
5.2 Athbhreithniú 15

Caibidil 6: Poiblíocht don Scéim Chomhaontaithe 16

6.1 Foireann 16
6.2 Custaiméirí 16
6.3 An Pobal i gCoitinne 16

Aguisíní :

1: Daoine aonair agus Eagraíochtaí a chuir Aighneachtaí isteach

2: Baill foirne atá inniúil agus toilteanach Seirbhísí trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil

3: Sonraí Teagmhála OOP

Caibidil 1 : Réamhrá agus Cúlra

D'ullmhaigh Oifig na nOibreacha Poiblí an scéim seo de réir alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (an tAcht). Seo í an dara Scéim a d'ullmhaigh an Oifig agus tagann sí i gcomharbacht ar an gcéad scéim a tháinig i bhfeidhm in 2007.

Forálann Alt 11 do scéim reachtúil a bheith á hullmhú ag comhlachtaí poiblí ina ndéanfaí cur síos ar na seirbhísí a sholáthróidh siad :

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a dhéanfaidh an eagraíocht chun a chinntiú go gcuirfear seirbhís ar bith nach soláthraíonn an eagraíocht trí mheán na Gaeilge faoi láthair, ar fáil in am is i dtráth..

1.1 Ullmhú na Scéime

Tá sé d'aidhm ag an dara Scéim cur leis an dul chun cinn atá déanta i soláthar seirbhísí trí Ghaeilge agus seirbhísí dátheangacha san Oifig.

Ullmhaíodh an Scéim chun an bhéim a chuirtear ar an nGaeilge i ngnó na hOifige ó lá go lá a láidriú, ar bhealach praiticiúil réasúnach sna trí bliana atá romhainn.

D'Fhoilsigh OOP fógra sna páipéir náisiúnta de réir alt 13 den Acht, ag tabhairt cuireadh do pháirtithe leasmhara ar bith aighneachtaí a chur isteach i ndáil le hullmhú na scéime nua teanga. Maraon leis sin, scríobh OOP chuig 22 eagraíocht atá ag obair i réimse na Gaeilge lena gcuid tuairimí a fháil. Scríobhadh chuig eagraíochtaí ón earnáil dheonach, stáit agus oideachais. Chuaigh OOP i gcomhairle le gach ball foirne freisin i ndáil le hullmhú na scéime. Fuarthas 10 n-aighneacht ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí agus liostáiltear iad in Aguisín 1.

Thug OOP aird ar na haighneachtaí a fuarthas tríd an bpróiseas comhairliúcháin poiblí maraon le tuairimí agus moltaí ó fhoireann uile na Roinne in ullmhú na Scéime seo.

Táthar fíor-bhuíoch do na páirtithe leasmhara uile a chaith am agus dúthracht leis an obair seo.

Is í cuspóir na Scéime seo ná leanacht ag cur i bhfeidhm na ngealltanas a rinneadh sa chéad scéim agus barr feabhais a chur ar an dul chun cinn a rinnneadh i ngach réimse d'Oifig na nOibreacha Poiblí le linn tréimhse na Scéime sin. Léiríonn an Scéim nua seo tiomantas OOP agus foireann na hOifige na seirbhísí reatha atá ar fáil trí Ghaeilge a choinneáil agus sonraíonn an Scéim réimsí eile ina bhféadfaí feabhas a chur ar na seirbhísí seo sa todhchaí.

Cuireann an scéim nua le prionsabail Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus leanfar ar aghaidh ag cinntiú go gcuirfear seirbhís chuí ar fáil dóibh siúd ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Rinne an Gréasán um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) maoirseacht ar ullmhú na Scéime nua Teanga agus is iad a dhéanfaidh monatóireacht ar fheidhmiú na Scéime. Is foghrúpa den Choiste Comhpháirtíochta é an Gréasán um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí ina mbíonn oifigeach ó na Seirbhísí Corparáideacha mar chathaoirleach agus bíonn ionadaí air ó gach aonad Gnó.

1.2 Athbhreithniú an gCéad Scéim 2007 – 2010

Leag an chéad Scéim Teanga don Ghaeilge síos spriocanna dúshlánacha don Oifig agus tionscnaíodh athrú suntasach sa chultúr agus sa chur chuige ginearálta i leith na Gaeilge in Oifig na nOibreacha Poiblí.

Ghlac an fhoireann go hiomlán leis an Scéim agus leis na freagrachtaí a chuir feidhmiú na scéime orthu. Cinntíonn an Oifig go meabhraítear go minic don fhoireann agus do na bainisteoirí na freagrachtaí atá orthu i leith na Gaeilge. Tá réimse tacaíochta curtha i dtoll a chéile chun freastail ar riachtanais na foirne agus chun feidhmiú na scéime ar bhealach éifeachtach a chinntiú. San áireamh anseo, tugtar tacaíocht do bhaill foirne ar mian leo freastail ar chúrsaí Gaeilge; cuirtear treoracha agus sonraí maidir le seirbhísí aistriúcháin ar fáil; sonraítear baill den fhoireann atá líofa nó atá inniúil i labhairt na Gaeilge agus atá toilteanach a scileanna teanga a úsáid i ngnó na hOifige ó lá go lá.

Chomhoibrigh an Oifig le hoifigigh ó Oifig an Choimisinéara Teanga chun a chinntiú go réiteofaí ceisteanna maidir le gearáin agus neamhchomhlíonadh agus tapaíodh an deis

chun feabhsúcháin a chur i bhfeidhm i leith ábhar a d'eascair as na gearáin seo.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim trí bliana daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an Scéim le héifeacht ó 5 Márta 2014 agus beidh feidhm léi ar feadh trí bliana ón dáta seo nó go ndaingneoidh an tAire scéim nua de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cibé acu ceann is deireanaí.

Caibidil 2 : Forléargas ar Oifig na nOibreacha Poiblí

2.1 Misean

Is é Misean OOP:

> ***A gcuid taithí agus saineolais a úsáid sna réimsí sainordaithe atá faoina gcúram chun seirbhísí nuálacha, éifeachtacha agus inbhuanaithe a chur ar fáil don phobal agus dár gcliaint.***

2.2 Sainordú

Baineann príomhghnó Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) le trí réimse oibríochta:

Bainistíocht Phunann Eastáit

Seirbhísí Oidhreachta

Bainistíocht Riosca Tuilte

agus tacaíonn na Seirbhísí Corparáideacha leis na réimsí oibríochta seo.

Thar aon rud eile, is é príomhghnó Oifig na nOibreacha Poiblí seirbhísí a chur ar fáil do chustaiméirí. Is é éiteas na héagraíochta ná diriú ar an gcliant, luach ar airgead a chur ar fáil don cháiníocóir maraon le seirbhís a chur ar fáil in am agus i dtráth, agus a bheith san airdeall maidir le hinbhuanaitheacht.

2.3 Custaiméirí

De bharr gur eagraíocht seirbhísí atá inti, bíonn formhór na foirne in Oifig na nOibreacha Poiblí ag obair sna réimsí oibre túslíne ag freastail ar riachtanais na gcustaiméirí. Is iad an pobal, an Rialtas, Ranna eile, Oifigí, Áisíneachtaí agus an tseirbhís phoiblí i gcoitinne, custaiméirí na hOifige.

2.4 Seirbhísí

2.4.1 *Bainistíocht Phunann Eastáit*

Cuireann OOP seirbhís chomhroinnte ar fáil do Ranna Rialtais agus d'Áisíneachtaí i réimse na bainistíochta maoine agus na cothabhála maoine, ar a n-áirítear seirbhísí ailtireachta, innealtóireachta, luacháil, suirbhéireacht chainníochta, bainistíocht thionscadail agus seirbhís bainistíochta saoráidí. Tá an OOP freagrach as 780 Séadchomhartha Náisiúnta, mar Sí an Bhrú agus Carraig Phádraig. Déanann an oifig bainistiú freisin ar chuid de na Foirgnimh is stairiúla agus is cáiliúla sa tír, mar Chaisleán Bhaile Átha Cliath agus Teach Bhaile an Chaisleáin.

2.4.2 *Bainistíocht Riosca Tuilte*

Is í OOP an phríomhghníomhaireacht atá i mbun bainistíochta riosca tuilte in Éirinn. Tá sé de dhualgas ar an Oifig polasaithe cuimsitheacha agus straitéisí bainistíochta riosca tuilte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Is iad príomhfheidhmeanna an chláir seo:

- Cláiroibre agus bearta bainistíochta riosca tuilte a fhorbairt agus a sheachadadh;
- Clár éifeachtach a chaomhnú i leith cothabhála cúrsaí aibhneacha atá draenáilte de réir fhorálacha na nAchtanna um Shiltín Airtéirigh: agus
- Comhairle a thabhairt don rialtas maidir le bainistíocht riosca tuilte agus polasaí i leith bhainistíocht riosca tuilte.

2.4.3 Seirbhísí Corparáideacha

Tacaíonn na Seirbhísí Corparáideacha, ar a n-áirítear Bainistíocht agus Forbairt Acmhainní Daonna, Bainistíocht Airgeadais, Teicneolaíocht Cumarsáide agus na Faisnéise agus seirbhísí riachtanacha eile, go hinmheánach, leis na gníomhaíochtaí thuasluaite chun leasa d'obair na hOifige ó lá go lá.

2.5 Struchtúr Bainistíochta OOP

Eagraítear struchtúr bainistíochta sinsearaí Oifig na nOibreacha Poiblí thart timpeall ar aonáin cheangailteacha an Bhoird agus an Choiste Chomhairligh Bainistíochta. Tuairiscíonn an grúpa, trí lámha an Chathaoirligh, chuig an Aire Stáit sa Roinn Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe ar a bhfuil freagrachtaí speisialta i leith athchóiriú na seirbhíse poiblí agus Oifig na nOibreacha Poiblí agus as sin trí lámha an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chuig an Rialtas.

Tá Cathaoirleach agus beirt Choimisinéir ar an mBord agus is é an t-aonán dlíthiúil é dá dtagraítear i reachtaíocht agus i rialacháin iomchuí a bhaineann le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí. Is as an mBord agus Stiúrthóirí na Seirbhísí Ailtireachta (An Príomh-Ailtire), na Seirbhísí Innealtóireachta (An Príomh-Innealtóir) agus na Seirbhísí Corparáideacha atá an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) comhdhéanta.

Is é an Coiste Comhairleach Bainistíochta an grúpa Bainistíochta Sinsearaí a chuireann comhairle ar an Aire Stáit maidir le beartas agus a stiúrann gnáthghníomhaíochtaí agus gnáthfheidhmeanna na hOifige. Cuireann sé comhairle ar an mBord chomh maith agus tacaíonn sé leis chun na feidhmeanna atá mar oibleagáidí dlíthiúla air, a fheidhmiú.

2.6 Creat Dlíthiúil Oifig na nOibreacha Poiblí

Is é seo a leanas an creat dlíthiúil ina bhfeidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí agus a

bhíonn mar threoir ag na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl againn:

- Public Works Act, 1831
- An tAcht Maoine Stáit, 1954.
- Acht um Chaomhnú an Chósta , 1963.
- An tAcht um Údaráis Stáit (Forbairt agus Bainistíocht), 1993.
- Achtanna um Shiltín Airtéirigh, 1945 – 1995.
- Acht Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí (Feidhmeanna agus Cumhachtaí), 1996.
- Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 – 2004.
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2009 (Éifeachtúlacht Críoch-úsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) – Uimh.I.R. 542/2009
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte) 2010 – Uimh. I.R. 122/2010.

Caibidil 3 : Feabhas ar Sheirbhísí trí Ghaeilge

Cuireann OOP roinnt seirbhísí ar fáil sa dá theanga i láthair na huaire. Bhí cuid na seirbhísí seo ar fáil sular feidhmíodh an chéad Phlean Teanga agus cuireadh ar fáil cuid eile mar thoradh ar fheidhmiú na Scéime.

3.1 Suirbhé ar an nGaeilge

Rinneadh Ceanncheathrú OOP a dhílárú go Baile Átha Troim, Co. na Mí ag deireadh 2009. Ní raibh sé soiléir cén saineolas maidir leis an nGaeilge a bhí fágtha in OOP de bharr baill foirne a bheith ag teacht agus ag imeacht ón Oifig seo. Rinneadh suirbhé an bhliain ina dhiaidh sin chun an leibhéal inniúlachta i nGaeilge i measc fhoireann OOP a fháil amach. Fiafraíodh na nithe seo a leanas díobh:

- Cén cumas scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha a bhí acu i nGaeilge;
- An mbeidís toilteanach a gcuid scileanna sa Teanga Ghaeilge a úsáid ina gcuid oibre;
- Am mbeidís toilteanach oiliúint a fháil sa Ghaeilge.

Fuarthas freagra dearfach agus spreagúil ar an suirbhé agus is léiriú soiléir é ar an dea-thoil agus tacaíocht bhreise don Ghaeilge in OOP, ó cuireadh an Scéim i bhfeidhm, maraon le leibhéal níos airde inniúlachta sa Ghaeilge atá ar fáil san Oifig. Léirigh 66 ball foirne go raibh siad inniúil go maith nó líofa sa Ghaeilge agus dúirt 55 ball foirne eile go raibh siad toilteanach a gcuid scileanna a úsáid le haghaidh riachtanais ghnó.

Chomh maith lena scileanna a úsáid i mbun gnó, thoiligh 10 ball foirne eile a bheith ainmnithe i mBliainiris an Fhorais Riaracháin (IPA) mar chainteoirí Gaeilge don OOP. Tá ainmneacha na mball foirne seo agus a gcuid sonraí teagmhála liostáilte in Aguisín 2.

3.2 Láithreacha Oidhreachta

3.2.1 Seirbhísí na dTreoraithe

- Rinneadh suirbhé neamhfhoirmiúil i measc Maoirseoirí Treorach atá lonnaithe sna láithreacha oidhreachta in 2010. Fiafraíodh do na Treoraithe an mbeadh turas treoraithe ar fáil do chuairteoirí trí mheán na Gaeilge ag an láthair áirithe sin, dá mbeadh gá leis. Fuarthas amach sa suirbhé sin go raibh líon áirithe láithreacha ag a raibh Treoraithe, a bhí ag obair ar bhonn séasúrach nó ar bhonn buan, ábalta turais a threorú i nGaeilge. Ní féidir a chinntiú go

mbeidh na Treoraithe atá líofa sa ghaeilge arais ag obair ag na láithreáin seo bliain i ndiaidh bliana, cé go ndéantar iarracht an scéal a bheith amhlaidh. Braitheann leibhéal na dturas trí ghaeilge ar líofacht an treoraí i ngach cás. Tá sé soiléir ón suirbhé, áfach, nach mbíonn mórán éilimh ar thurais trí mheán na Gaeilge seachas sna ceantair Ghaeltachta.

3.2.2 Foilseacháin ag na Láithreacha Oidhreachta

- Cuireann Seirbhís Oidhreachta OOP líon áirithe foilseacháin aonair ar fáil i raon teangacha éagsula, Gaeilge san áireamh. Seo treoirleabhair ar na láithreacha agus bileoga eolais a bhíonn ar fáil go forleathan in oifigí turasóireachta ar bhonn áitiúil agus ag na láithreacha féin. Sular cuireadh an chéad Scéim Teanga i bhfeidhm bhí foilseacháin i nGaeilge ar fáil ag na láithreacha a leanas faoi chlúdach ar leith:

  Daingean Rinn Chorráin, Co. Chorcaí
  Caisleán Iarla Dheasmhumhan, Co. Chorcaí
  Cnobha, Co. na Mí
  Caisleán Bhaile Átha Troim, Co. na Mí
  Mainistir Sheireapúin, Co. Chill Chainnigh
  Túr Raghnaill, Co. Phort Láirge
  Cluain Mhic Nóis, Co. Uíbh Fhailí
  Gleann Dá Loch, Co. Chill Mantáin
  An Mhainistir Mhór, Co. Lú
  Teach an Chogaidh, Co. Thiobraid Árann 1848
  Loch Craobh, Co. na Mí
  Mainistir Thinteirn, Co. Loch Garman.

- Cuireadh foilseacháin as Gaeilge faoi chlúdach ar leith ar fáil ag 8 láthair oidhreachta eile de réir ár ngealltanas faoin gcéad Scéim Teanga. Seo iad:

  Caisleán Bhaile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe
  Achaidh Chéide, Co. Mhaigh Eo
  Ceathrú Mhór Leacan, Co. Shligigh
  Cnoc na Teamhrach, Co. na Mí
  Caisleán Parkes , Co.Liatroma
  Gáirdíní Náisiúnta Cuimhneacháin Cogaidh na hÉireann, BÁC 8
  Príosún Chill Mhaighneáin, BÁC 8 Mainistir na Búille , Co. Ros Comáin

  Tá foilseachán eile faoi Phádraig Mac Piarais ar fáil i nGaeilge.

- Laistigh de Sheirbhísí na gCuairteoirí tá na Foirmeacha Iarratais chaighdeánacha i gcomhair poist do Threoraithe agus d'Oifigigh Eolais ar fáil, i ngach láthair atá faoi chúram OOP, i nGaeilge agus i mBéarla.

- Tá na seirbhísí go léir, Seirbhís na dTreoraithe san áireamh, ag Dún Aonghusa, Árainn, Co. na Gaillimhe, Ionad an Bhlascaoid, Dún Chaoin, Co. Chiarraí, Aireagal Ghallarais, Baile na nGall, Co. Chiarraí agus Teach an Phiarsaigh, Ros Muc, Contae na Gaillimhe, ar fáil trí mheán na Gaeilge agus tá an fhoireann líofa sa Ghaeilge. Is í an Ghaeilge a húsáidtear ó lá go lá sna hionaid seo. Tá Treoirleabhair na láithreacha agus bileoga eolais ar fáil sa dá theanga ag na láithreacha seo.

- Tá foilseachán ginearálta na Seirbhíse Oidhreachta “Láithreacha Oidhreachta na hÉireann” a chuireann liosta iomlán de na láithreacha uile ar fud na tíre a mbíonn seirbhís treorach le fáil iontu agus atá faoi stiúir Oifig na nOibreacha Poiblí, dá sonraí teagmhála agus de na saoráidí atá ar fáil iontu, ar fáil i nGaeilge chomh maith faoi chlúdach ar leith.

- Tá seirbhís threoraithe trí mheán na Gaeilge (i.e. treoraí líofa sa Ghaeilge) ar fáil i gcuid de na foirgnimh stairiúla i mBaile Átha Cliath i.e. Caisleán Bhaile Átha Cliath, Áras an Uachtaráin agus Farmleigh.

3.3 Suíomh Gréasáin

- Tá príomhshuíomh na Seirbhísí Oidhreachta, www.heritageireland.ie dátheangach. Tá an suíomh a bhaineann le tuilte, www.flooding.ie, dátheangach freisin seachas cáipéisí ina bhfuil a lán ábhar teicniúil. Rinneadh athdhearadh le gairid ar phríomh shuíomh idirlín OOP, www.opw.ie, agus tá 100% den ábhar seasta ar fáil sa dá theanga. Tá fáil air trí chnaipe a bhrú.

3.4 Aonad Caidrimh Phoiblí

- Cuireann an tAonad Caidrimh Phoiblí ar a laghad 10% do na Preaseisiúintí go léir sa bhliain ar fáil sa dá theanga agus tá ball den fhoireann san Aonad a bhfuil ar a chumas déileáil le fiosrúcháin trí Ghaeilge.

3.5 Foireann Lasc-chláir

- Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann fáiltithe/lasc-chláir chun go mbeadh ar a gcumas:
  - Ainm na hOifige a rá i nGaeilge;
  - Beannachtaí bunúsacha a rá i nGaeilge; agus
  - Glaonna a aistriú chuig oifigigh a bhfuil ar a gcumas seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil.

Is léir go mbeidh oiliúint sa réimse seo ar siúl go leanúnach de réir mar a thagann oibrithe nua isteach.

3.6 Acmhainní Teanga agus Aistriúchán

Tá na hacmhainní a leanas ar fáil don fhoireann:

- Is eol d’OOP na baill fhoirne atá líofa nó atá inniúil sa teanga Ghaeilge agus atá

toilteanach cáipéisí gearra agus litreacha a aistriú go Gaeilge.Tá sé ar chumas na mball seo labhairt le custaiméirí, ar mian leo labhairt i nGaeilge, ar an teileafón nó go díreach leis an duine féin;

- Tá liosta cuimsitheach d'aistritheoirí creidiúnaithe Fhoras na Gaeilge ar fáil ar ár suíomh gréasáin inmheánach chun cuidiú leis an bhfoireann le haistriúchán na bhfoilseachán mhóra. Déantar uasdátú ar an liosta go rialta.

Caibidil 4 : Ár dTiomantas faoin Scéim

Sna trí bliana atá romhainn tugann OOP gealltanais nua maidir le feabhas a chur ar úsáid na teanga Ghaeilge in ár n-eagraíocht. Leiríonn an tábla a leanas ár dtiomantais nua, aibhsithe le dath gorm, maraon leo siúd a léiríodh sa chéad Scéim mar leanfar leo sin chomh maith i rith an chláir trí bliana seo:

Seirbhís	Tiomantais i Leith na Gaeilge
Foilseacháin chorparáideacha, Ráitis Straitéise san áireamh, Tuarascálacha Bliantúla, Plean Gníomhaíochta agus Cairteannna do Chustaiméirí	Leanacht ag cloí le halt 10 den Acht, a éilionn go gcuirfí ar fáil, go comhuaineach, leagan Béarla agus Gaeilge den Ráiteas Straitéise, Tuairisc Bhliantúil, Cuntais Iniúchóra nó Ráitis Airgeadais agus aon cháipéis eile a leagann amach moltaí i leith polasaithe poiblí. Leanfar ag cur foilseacháin chorparáideacha eile ar fáil sa dá theanga.
Foilseacháin (seachas iad siúd a thagann faoi Alt 10 den Acht)	Foilseacháin Roinne ar ráitis maidir le príomhpholasaithe a chur ar fáil sa dá theanga. Má mheastar go mbeidh costas aon fhoilseachán dhátheangach iomarcach de bharr méid na caipéise, féadfaidh an Oifig achoimre fheidhmeach/ moltaí i bhfoirm dhátheangach a fhoilsiú. Alt amháin, ar a laghad, i nGaeilge a fhoilsiú i ngach eagrán den iris inmheánach, 'Obair'.
Seirbhísí Oidhreachta	Ardú de 50% eile, ar a laghad ar an líon bróisiúr de láithreacha, faoi chlúdach ar leith, a chuirtear ar fáil i nGaeilge do na láithreacha atá faoi chúram na Seirbhíse Oidhreachta. Treoraithe, ar bhonn séasúrach nó eile, atá inniúil i labhairt na Gaeilge a earcú chun turais threoraithe trí mheán na gaeilge a dhéanamh, más gá.
Aonad Caidrimh Phoiblí	Cinntiú go bhfuil ar chumas ball amháin foirne, ar a laghad, san Aonad Caidrimh Phoiblí déileáil le fiosrúcháin trí Ghaeilge. 10%, ar a laghad de na Preaseisiúintí a chur ar fáil sa dá theanga gach bliain. De réir mar is cuí, lion áirithe tvuíteanna i nGaeilge a chur chuig ár leantóirí ar an gcóras Twitter.
An Ghaeltacht	Cinntiú go n-úsáidfear logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta i ngnó oifigiúil [mar a dheimhnigh an tAire in Ordú na Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004]
Óráidí	Leanacht ag cur Óráidí ar fáil sa teanga ina dtugtar iad.

Teachtaireachtaí Réamhthaifeadta	Cuirfear an séanadh freagrachta caighdeánach sa dá theanga ar gach ríomhphost a sheoltar amach. Is féidir le baill aonair den fhoireann an teachtaireacht 'as-an–oifig', nach dtagann ón ríomhaire féin, a chur ar a ríomhphoist i mBéarla nó i nGaeilge nó sa dá theanga.
Suíomh Gréasáin	100% den ábhar seasta sa dá theanga ar phríomhshuíomh gréasáin OOP a choinneáil. (www.opw.ie). Méadú de réir a chéile a chur ar an méid ábhar neamhsheasta i nGaeilge ar shuíomh OOP. Cinntiú go mbeidh na príomhleathanaigh d'aon ábhar nua a chuirtear ar an suíomh gréasáin ar fáil sa dá theanga. Cuirfear seirbhísí idirghníomhacha ar-líne a fhorbrófar sa todhchaí, ar fáil sa dá theanga oifigiúil go comhuaineach (níl na seirbhísí seo ar fáil i láthair na huaire). Cinntiú go mbeidh aon chórais nua ríomhaireachta in oiriúint d'úsáid na Gaeilge agus cinnteofar go ndéanfar na córais atá ann faoi láthair a chur in oiriúint d'úsáid na teanga nuair a dhéanfar uasghrádú agus cothabháil ar an gcóras arís. Ainmneacha fearainn do shuíomanna áirithe OOP, mar Oidhreacht Éireann, a chlárú. Cinntiú go mbeidh ar a laghad 50% den ábhar seasta ar shuíomh gréasáin Chaisleán Bhaile Átha Cliath aistrithe go Gaeilge.
Seirbhísí Teileafóin/ Lasc-chláir agus Fáiltithe	Is iad foireann an lasc-chláir agus na fáilteoirí na chéad phointí teagmhála le custaiméirí OOP. Déanfaidh OOP cinnte go: • dtabharfaidh an fhoireann lasc-chláir ainm na hOifige i nGaeilge; • bhfuil taithí ag an bhfoireann ar na beannachtaí bunúsacha Gaeilge; agus • dtabharfar liosta don fhoireann lasc-chláir agus do na fáilteoirí de na baill fhoirne atá toilteanach seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.
Teagmháil duine le duine ar an teileafón nó go díreach leis an duine	Leanfar ag sonrú baill fhoirne a bhfuil ar a gcumas seirbhís idirphearsanta i nGaeilge a chur ar fáil, agus cinnteofar go ndéanfar uasdátú ar liostaí teileafóin, agus ar chairteanna na ndeasc fáiltithe tosaigh /teileafónaithe agus na heagraíochta mar is cuí. Cinnteofar go gcuirtear seoltaí ríomhphoist na mball foirne atá toilteanach seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge sa mhír iomchuí ar an suíomh gréasáin.

Córais Ríomhaireachta	Cinntiú go mbeidh aon chóras ríomhaireachta uasghrádaithe nó aon chóras nua ríomhaireachta in oiriúint go hiomlán d'úsáid na Gaeilge.
Oiliúint	Leanacht ag cur cúrsaí cuí Gaeilge ar fáil don fhoireann, cúrsaí laistigh d'uaireanta oibre san áireamh, chun go bhfreastalóidh an líon foirne is airde orthu agus chun a chinntiú go mbeidh na cúrsaí oiriúnach d'obair na hOifige. Cúrsaí Gaeilge don fhoireann a fhógairt agus breis ball foirne a lorg atá toilteanach oiliúint a fháil chun Seirbhísí i nGaeilge a sholáthar san Oifig uile. Comhairle a thabhairt don fhoireann faoi na ranganna ardchaighdeáin atá ar fáil lasmuigh d'uaireanta oibre (m.sh. dioplóma tríú leibhéal i nGaeilge). Deiseanna a fhiosrú chun forbairt scileanna sa nGaeilge a spreagadh i measc na foirne trí ghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla a eagrú ag amanna áirithe i rith na bliana m.sh. i rith Sheachtain na Gaeilge gach bliain. Leanfar ag cur na foirne ar an eolas maidir le suíomhanna gréasáin áisiúla i nGaeilge mar a leanas: • www.focal.ie • www.logainm.ie • www.scriobh.ie • www.forasnagaeilge.ie.
Monatóireacht agus Suirbhéanna	Déanfaidh OOP an leibhéal éilimh atá ar sheirbhísí i nGaeilge a mheas trí shuirbhéanna rialta a dhéanamh i measc na gcustaiméirí agus na foirne. Tabharfar comhairle do gach aonad gnó cuntas a choinneáil ar gach litir, glaoch teileafoin, agus aon fhiosrúchán/iarraidh faisnéise eile a fhaigheann siad i nGaeilge. Déanfar suirbhé ar na comharthaí atá ar taispeáint in ár n-oifigí poiblí agus láithreacha oidhreachta. Leasófar aon chomhartha nach bhfuil ag cloí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Caibidil 5 : Monatóireacht agus Athbhreithniú

5.1 Monatóireacht

Tá baill ó gach aonad Gnó OOP páirteach sa Ghréasán Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (SAC).

Tá freagracht ar an nGrúpa seo as:

- monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí i leith na Gaeilge san Oifig,
- monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh théarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla agus Scéimeanna Teanga OOP; agus
- tuairisc a chur faoi bhráid an Choiste Chomhairleach Bainistíochta (MAC) i ndáil leis na hábhair seo go léir.

Leanfar ag foilsiú tuairiscí faoi dhul chun cinn Scéim Teanga OOP i dTuarascálacha Bliantúla na hOifige seo.

5.2 Athbhreithniú

Coinneoidh an CCB (MAC) oibriú éifeachtach na Scéime faoi bhreithniú. Déanfar anailís athraithe, de réir mar atá riachtanach, bunaithe ar thorthaí na dtuariscí bliantúla ó Ghréasán SAC (QCS).

Caibidil 6 : Poiblíocht don Scéim Chomhaontaithe

6.1 Foireann

Tá baill foirne curtha ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Scéimeanna Teanga OOP. Tá teagasc agus treoracha sonracha curtha ar fáil do bhaill foirne a d'fhéadfadh a bheith ag cur beartas i bhfeidhm trí mheán na Gaeilge. Leanfar ag meabhrú don fhoireann na freagrachtaí atá orthu faoin Scéim ar bhealaí éagsúla, fógraí oifige san áireamh.

6.2 Custaiméirí

Tapóidh an Oifig gach uile dheis ina cuid idirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí chun na seirbhísí a chuireann sí ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú trí:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach maidir leis an rogha atá acu déileáil linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeáint ag an bhfáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí seo a liostáil go feiceálach ar an suíomh gréasáin;
- léiriú i dtreoirlínte, i mbileoga agus i bhfoirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, i gcásanna nach bhfuil na cáipéisí sin dhátheangach;
- ábhar i nGaeilge agus i mBéarla a bheith chomh feiceálach céanna.

6.3 An Pobal i gCoitinne

Déanfar ábhar na Scéime chomh maith lena gealltanas agus lena forálacha, a phoibliú don phobal i gcoitinne ar na bealaí a leanas:

- Preaseisiúint ag seoladh na Scéime;
- Scaipeadh ar na gníomhaireachtaí agus ar na heagraíochtaí poiblí cuí; agus
- Suíomh Gréasáin.

Cuirfear cóip den Scéim seo ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é leagan Béarla na Scéime seo an leagan oifigiúil.

Aguisín 1 : Daoine aonair agus Eagraíochtaí a chuir Aighneachtaí isteach

- Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge
- Conradh na Gaeilge
- Gael-Linn
- Údarás na Gaeltachta
- Tomás Ó hAodha
- P.J. Corry, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
- John Durham
- Lionárd Flóid
- Vincent Holmes, Co. na Gaillimhe
- Henry O'D. Thompson, The Old Building Company

Aguisín 2 : Foireann OOP atá toilteanach déileáil le custaiméirí trí mheán na Gaeilge

	Ainm	Sonraí Teagmhála	Leibhéal Gaeilge
1	Úna Ní Fhaircheallaigh	Príomhoifigeach Cúnta, an tAonad Beartas	Líofa
2	Martin Connolly	Luachálaí, Cothabháil Maoine	Líofa
3	Íde de Burca	Ard Oifigeach Feidhmiúcháin, Seirbhís Náisiúnta Soláthair	Líofa
4	Cian Ó Dónaill	Innealtóir, Grád 1, Draenáil - Réigiún an Iardheiscirt, Seirbhísí Innealtóireachta	Líofa
5	Áine de Burca	Ard Oifigeach Feidhmiúcháin, Bainistíocht Thionscadail	Líofa
6	Brian Allen	Príomhoifigeach, Bainistíocht Thionscadail	Cumas maith in úsáid na Gaeilge
7	Martin O'Gorman	Príomhoifigeach, Seirbhísí Innealtóireachta	Cumas maith in úsáid na Gaeilge
8	Jackie Stewart	Ard Oifigeach Feidhmiúcháin, Seirbhís Náisiúnta Soláthair	Cumas maith in úsáid na Gaeilge
9	Gráinne McDonnell	Ard Oifigeach Feidhmiúcháin, Teicneolaíocht Faisnéise Agus Cumarsáide	Cumas maith in úsáid na Gaeilge
10	Ezra MacManamon	Innealtóir, Grád 2, Seirbhísí Innealtóireachta	Cumas maith in úsáid na Gaeilge

Aguisín 3 : Sonraí Teagmhála OOP

Oifig an Aire Stáit
52 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2..... (01) 647 6000

Oifig an Chathaoirligh
Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí .....(046) 942 6000

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
Seirbhísí Forbartha agus Eagraíochta, Aonad na mBeartas, Iniúchadh Inmheánach, Seirbhís Bainistíochta Cuntasaíochta, an tAonad Saorála Faisnéise agus Seirbhísí Dlí, Rannóg Caidrimh Phoiblí, Leabharlann, Bainistíocht na nEalaíon, Aonad na Teicneolaíochta Faisnéise,
Seirbhísí Pearsanra
Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí.....(046) 942 6000/
.....(01) 647 6000
Íosghlao..... 1890 213 414
Facs..... (046) 948 1793

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS
Oifigí Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh.....(056) 777 2600
Íosghlao..... 1890 213 424

FOILSEACHÁIN RIALTAIS, IRIS OIFIGÚIL AGUS SEIRBHÍSÍ TOGHCHÁIN
52 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2..... (01) 6476834
Facs:..... (01) 6476843
Íosghlao 1890 213434

SEIRBHÍSÍ INNEALTÓIREACHTA
Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí ..... (046) 942 6000

Beartas agus Bainistíocht Riosca Tuilte
Seirbhísí Bainistíochta do Thionscadal Tuilte
Seirbhísí Tacaíochta don Chothabháil um Dhraenáil Artaireach
Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí, ...(046) 942 6000
17-19 Sráid Haiste Íochtarach, BÁC 2..... (01) 647 6000
Beartas Tuilte
17-19 Sráid Haiste Íochtarach, BÁC 2..... (01) 647 6000

Cothabháil don Draenáil Artaireach – Oirthear agus Iarthar/ Rannóg Comhshaoil
Cothabháil don Draenáil - Réigiún an Oirthir
An Baile Nua, Baile Átha Troim, Co. na Mí..... (046) 943 1352
Páirc an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú..... (041) 685 3256
Baile Roibín, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí ..... (044) 934 8332
Droim Biúir, Bóthar na Muinchille, Co. Mhuineacháin..... (047) 83 201

Cothabháil don Draenáil - Réigiún an Iarthair
An Príomhshráid, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe..... (093) 35 456
Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo..... (096) 22 065
Bóthar na Croiche, Leifear, Co. Dhún na nGall..... (074) 914 1273
Baráiste Chomhla na Coiribe, Teach an Chomhla, Gaillimh..... (091) 563 097

Cothabháil don Draenáil Artaireach - Oirdheisceart agus Iardheisceart/Seirbhísí Allamuigh na hInnealtóireachta Meicniúla
Cothabháil don Draenáil - Réigiún an Oirdheiscirt
Baile an Chorráin, Droichead an Chaisleáin, Co. Loch Garman..... (053) 24 181

Cothabháil don Draenáil - Réigiún an Iardheiscirt
Teach Theampall Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh..... (061) 227 139
Droichead na hInse, Lios Tuathail, Co. Chiarraí..... (068) 21 166
Cuan Chonnachta, Port Omna, Co. na Gaillimhe..... (090) 974 1086

Oifig don Chothbháil Allamuigh
An Baile Nua, Baile Átha Troim, Co. na Mí ..... (046) 943 1352

Seirbhísí Hidriméadrachta, Hidreolaíochta, agus Seirbhísí do Chaomhnú an Chósta
Rannóg Hidriméadrachta
An Príomhshráid, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe..... (093) 36372
Oifigí Rialtais, Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí..... (090) 6492918
Oifigí Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh..... (056) 7772635
An Baile Nua, Baile Átha Troim, Co. na Mí ..... (046) 943 1352
Teach Theampall Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh..... (061) 209117
Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo..... (096) 22065

Rannóg Hidreolaíochta agus an Chósta
Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí (046) 942 6000
17-19 Sráid Haiste Íochtarach, BÁC 2..... (01) 647 6000

Seirbhísí Faoiseamh Tuile agus Bainistíocht Riosca
Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí.. (046) 942 6000
17-19 Sráid Haiste Íochtarach, BÁC 2..... (01) 647 6000

Seirbhísí don Innealtóireacht Ghairmiúil
Seirbhísí Meicniúla agus Leictreacha
Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co.na Mí (046) 942 6000
52 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 ..... (01) 647 6000

Seirbhísí Innealtóireachta Sibhialta agus Struchtúr
Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí (046) 942 6000
17-19 Sráid Haiste Íochtarach, BÁC 2 (01) 647 6000

SEIRBHÍSÍ BAINISTÍOCHTA TIONSCADAL
Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí .(046) 942 6000

Aonad 20, Páirc Miondíola Cois Locha, Clár Chlainne Mhuiris, Co Mhaigh Eo (01) 647 6000
Facs..... (094) 937 3395
Rannóg um Shuirbhéireacht Cháinníochta,
4 - 5 Bóthar Fhearchair, BÁC 2..... (01) 647 6000

SEIRBHÍSÍ BAINISTÍOCHTA MAOINE
Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí. (046) 942 6000
Facs..... (046) 948 1793

SEIRBHÍSÍ COTHABHÁLA MAOINE
Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí (046) 942 6000
Facs..... (046) 948 1793

SEIRBHÍSÍ DON CHOTHABHÁIL FOIRGNEAMH
Dún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, BÁC 7 ..... (01) 702 8811
Stiúrthóir..... (01) 702 8812
AN BRAINSE TROSCÁN
Bóthar Bhaile Uí Bheoláin, Rialto, BÁC 8 ..... (01) 453 1588

SEIRBHÍSÍ SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA
Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí (046) 942 6000
Oifigí Rialtais, Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí..... (090) 649 2087
SEIRBHÍSÍ TINE AGUS SLÁNDÁLA
52 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2. ..... (01) 647 6000

SEIRBHÍSÍ AILTIREACHTA
Seirbhísí Ailtireachta 1,2,3,4,5,6
Ceanncheathrú OOP, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí (046) 942 6000
52 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2..... (01) 647 6000

OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA AILTIREACHTA
Réigiún Bhaile Átha Cliath Thuaidh An Teach Dearg
Geata Chnoc an Arbhair, Dún Uí Choileáin, BÁC 7..... (01) 474 2040
Réigiún Bhaile Átha Cliath Theas
Caisleán Bhaile Átha Cliath, BÁC 2..... (01) 677 6106

Réigiún an Oirthuaiscirt
(Co na Mí, An Iarmhí, Cill Dara, Co. Lú, Muineachán, An Cábhán,)
Oifig Ailtireachta Réigiúnach agus Ceantair (Co na Mí, An Iarmhí, Cill Dara)
52 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 ..... (01) 647 6000
Facs..... (01) 6619632
Oifig Ceantair (Co Lú, Muineachán, Cábhán)Oifigí Rialtais, Ionad na Mílaoise,
Bóthar Naomh Alfonsas, Dún Dealgan, Co. Lú ..... (042) 933 4221

Réigiun an Iarthuaiscirt
(Co Shligigh, Liatroim, Dún na nGall, Ros Comáin, an Longfort)
Oifig Ailtireachta Réigiúnach agus Ceantair (Co Shligigh, Liatroim)
Teach Marino, Lárionad Gnó Fhionasclainn, Sligeach..... (071) 911 6200
Oifig Ceantair (Co Dhún na nGall)
Oifigí Rialtais, An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall..... (074) 912 1365
Oifig Ceantair (Co Ros Comáin, An Longfort)
Oifigí Rialtais, Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí..... (090) 649 2087

Réigiún an Oirdheiscirt (Co Chill Chainnigh, Port Láirge, Laois, Uíbh Fhailí, Ceatharlach, Cill Mhantáin, Loch Garman)
Oifig Ailtireachta Réigiúnach agus Ceantair (Co Chill Chainnigh, Port Láirge)
13 Sráid Chaitríona, Port Láirge..... (051) 845 000/ 874 134
Oifig Ceantair (Co Laois, Uíbh Fhailí, Ceatharlach)
Tithe an Rialtais, Bóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise ..... (057) 862 11 33
Oifig Ceantair (Co Chill Mhantáin, Loch Garman)
Tithe an Rialtais, Caisleán na Páirce, An tInbhear Mór, Co Chill Mhantáin.....(0402) 32761

Réigiún an Iardheiscirt (Co Chorcaí, Ciarraí)
Oifig Ailtireachta Réigiúnach agus Ceantair (Co Chorcaí)
14 Seanbhóthar na Dúcharraige, Corcaigh ..... (021) 496 6200
Oifig Ceantair(Co Chiarraí)
An Diméin, Cill Áirne, Co Chiarraí..... (064) 6622300

Réigiún an Mheán-Iarthair (Co Luimnigh, Clár, Tiobraid Árann)
Oifig Ailtireachta Réigiúnach agus Ceantair (Co. Luimnigh, Clár)
Teach Theampall Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh..... (061) 209 100
Oifig Ceantair (Co Thiobraid Árann)
Oifigí Rialtais, Sráid an Bhóthair, Durlas, Co Thiobraid Árann..... (0504) 21532

Réigiún an Iarthair (Co na Gaillimhe, Maigh Eo)
Oifig Ailtireachta Réigiúnach agus Ceantair (Co. na Gaillimhe)
An Teach Bán, 8 Cé an Chladaigh, Gaillimh..... (091) 546 480
Oifig Ceantair (Co Mhaigh Eo)
Bóthar an Phailliúin, Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo ..... (094) 902 1331

IONAD COMHDHÁLA CHAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH
BÁC 2..... (01) 645 8800
Faisnéis agus Turais Threoraithe..... (01) 645 8813
FARMLEIGH
Páirc an Fhionnuisce, Caisleán Cnucha, BÁC 15..... (01) 815 5900

SÉADCHOMHARTHAÍ NÁISIÚNTA
Aonad 20, Páirc Miondíola Cois Locha, Clár Chlainne Mhuiris, Co Mhaigh Eo...(01) 647 6000

Iosta Bhaile Átha an Rí
Bainisteoir Oibreacha Ceantair, Ráithín, Baile Átha an Rí, Co na Gaillimhe.....(091) 844 084
Iosta Chill Chainnigh
Bainisteoir Oibreacha Ceantair, Eastáit
Tionsclaíochta Bhóthar Hebron, Cill Chainnigh.....(056) 772 1813 nó (056) 772 1668
Iosta Chill Áirne
Bainisteoir Oibreacha Ceantair, Carraig an Phréacháin, Cill Áirne, Co. Chiarraí...(064) 663 2402
Iosta Mhala
Bainisteoir Oibreacha Ceantair, Eastáit Tionsclaíochta Bhaile na Ceathrún,
Mala, Co. Chorcaí ..... (022) 42278
Iosta Dhroim Dhá Thiar
Bainisteoir Oibreacha Ceantair, Droim Dhá Thiar, Co Liatroma..... (071) 916 4186
Iosta Bhaile Átha Troim
Bainisteoir Oibreacha Ceantair, An Baile Nua, Baile Átha Troim, Co. na Mí..... (046) 943 1452

FOIRGNEAMH STAIRIÚIL NÁISIÚNTA
Caisleán Bhaile Átha Cliath, BÁC 2..... (01) 645 8885

SEIRBHÍSÍ DO CHUAIRTEOIRÍ
Aonad 20, Páirc Miondíola Cois Locha, Clár Chlainne Mhuiris, Co Mhaigh Eo...(01) 647 6000
Facs..... (094) 937 3395
Cárta Oidhreachta..... Glao sábhála 1850 600 601

LÁITHREACHA OIDHREACHTA
Caisleán Áth Dara, Áth Dara, Co Luimnigh ..... (061) 61396 666
Gáirdíní Altamont, An Tulach, Co. Cheatharlach..... (059) 915 9444
Reilig Chnoc an Arbhair, Cnoc an Arbhair, BÁC 7..... (01) 8213021
Ardeaglais Ard Fhearta, Ard Fhearta, Co Chiarraí..... (066) 713 4711
Áras an Uachtarain, Páirc an Fhionnuisce, BÁC 8..... (01) 677 0095 (Ionad Cuairteoirí)
..... Íosghlao 1890 430 430
Caisleán Bhaile Átha an Rí, Baile Átha an Rí, Co na Gaillimhe (091) 844 797
Caisleán Achadh na nIúr, Uachtar Ard, Co na Gaillimhe..... (091) 552 214
Caisleán Bhaile Hac, Baile Hac, Co Loch Garman..... (051) 389 468
Caisleán Chúirt an Bharraigh, Carraig Thuathail, Co Chorcaí..... (021) 488 2218
Cath na Bóinne, Eastáit an tSeandroichid, An Seandroichead, Co na Mí (041) 980 9950
Mainistir na Búille, Co Ros Comáin..... (071) 966 2604
Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne, (Sí an Bhrú & Cnobha)
Dún Uabhair, Co na Mí..... (041) 988 0300
Caisleán Cahir Castle, Sráid an Chaisleáin, An Chathair, Co Thiobraid Árann... (052) 744 1011
Reilig Mheigiliteach na Ceathrún Móire, Sligeach ..... (071) 916 1534
Casino, Corrán Chnocán na Silíní, lámh le Bóthar Mhullach Íde, Marino, BÁC 3(01) 833 1618
Baile an Chaisleáin, Cill Droichid, Co Chill Dara .....(01) 628 8252
Achaidh Chéide, Baile an Chaisleáin, Co Mhaigh Eo..... (096) 43325
Daingean Rinn an Chorráin, Carraigín na Plubóige, Cionn tSáile, Co Chorcaí...(021) 477 2263
Cluain Mhic Nóis, Droichead na Sionainne, Co. Uíbh Fhailí..... (090) 967 4195
Páirc na Cúile, Gort, Co. na Gaillimhe..... (091) 631 804
Conair na Corra Léith, Caonach, An Longfort ..... (043) 3322386
Teach Dhoire Fhionnáin, Cathair Dhónaill, Co Chiarraí ..... (066) 947 5113
Caisleán Iarla Dheasumhan, Sráid Chorcaí, Cionn tSáile, Co Chorcaí.....(021) 477 4855
Halla Dheasumhan, An Chearnóg, An Caisleán Nua, Co Luimnigh.. (069) 77408
Caisleán Dhún na nGall, Baile Dhún na nGall, Co Dhún na nGall.... (074) 972 2405
Páirc Dhún ar Aill, Dún ar Aill, Co Chorcaí..... (087) 251 5965
Caisleán Bhaile Átha Cliath, Sráid an Dáma, BÁC 2..... (01) 645 8813
Dún Aonghasa, Cill Mhuirbhigh, Inis Mór, Oileáin Árann, Co na Gaillimhe (099) 61008
Caisleáin Dhún Garbháin, Sráid an Chaisleáin, Dún Garbhán, Co Phort Láirge.....
..... (058) 48144
Dearc Fhearna, Baile an Phoill, Co Chill Chainnigh… ..... (056) 776 7726
Teachín uí Dhuibhir Mhic Alastair, Doire na Muc, Cnoc an Aragain,
Co Chill Mhantáin (Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch)..... (0404) 45325/45352
Cúirt Ioma, Ioma, Co Laoise..... ..... (057) 862 6573
Mainistir na hInse, Sráid na Mainistreach, Inis, Co an Chláir.....(065) 682 9100
Teach Cogaidh an Ghorta Mhóir (1848), Baile an Gharraí, Co Thiobraid Árann.....
.....(087) 908 9972
Farmleigh, Páirc an Fhionnuisce, BÁC 15 ..... (01) 815 5900/815 5981
Caisleán Fhearna, Fearna, Co Loch Garman..... (053) 9366411
Crannlann agus Gáirdíní Fhóite, Eastáit Fhóite, Carraig Thuathail, Co Chorcaí..(021) 481 2728
Caisleán Ghallarais, Baile na nGall, Co Chiarraí (Ionad an Bhlascaoid) ..... (066) 915 6444
Gáirdíní Cuimhneacháin, Cearnóg Pharnell Thoir, BÁC 1 (01) 821 3021
Teach agus Gailearaí Gléibe, Bailiúchán Derek Hill, Mín an Lábáin,
Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall..... (074) 913 7071
Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch, Gleannn Dá Loch, Bré, Co Chill Mhantáin....
..... (0404) 45325/45352
Tithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean Uachtarach, BÁC 2..... (01) 645 8813/619 4116
Reilig Mhíleata Ghráinseach Ghormáin, Ascaill an Chiarrdhuibh, BÁC 7.....(01) 821 3021
Gáirdíní Haywood, Baile na Coille, Co Laoise..... (057) 873 3563/ (087) 667 5291
Cnoc na Teamhrach, An Uaimh, Co na Mí..... (046) 902 5903
Oileán an Chuilinn, Oileán Gharinis, Gleann Garbh, Beanntraí, Co Chorcaí.. (027) 63040
Ionad an Bhlascaoid Mhóir,
Dún Chaoin, Trá Lí, Co Chiarraí..... (066) 915 6444

Gáirdíní Uíbh Eachach, Sráid Chluain Meala, BÁC 2..... (01) 475 7816
Mainistir Sheireapúin, Baile Mhic Andáin, Co Chill Chainnigh..... (056) 772 4623
Crannlann Uí Chinnéide, Ros Mhic Thriúin, Co Loch Garman..... (051) 388 171
Caisleán Chill Chainnigh, An Pharáid, Cill Chainnigh..... (056) 770 4100
Cill Mochura, Cill Bhríde, Co Chill Mhantáin.....(01) 857 0909/ (0404) 48844
Príosún Chill Mhaighneáin, Bóthar Inse Chór, BÁC 8..... (01) 453 5984
Cnobha...... (féach Brú na Bóinne)
Caisleán Lios Tuathail, An Chearnóg, Lios Tuathail, Co Chiarraí..... (086) 385 7201
Loch Craobh, Baile an Chorraigh, An Seanchaisleán, Co na Mí..... (049) 854 1240
Ionad Oidhreachta Lusca, Lusca, Co Bhaile Átha Cliath(Ceann oifig)..... (01) 843 7285/ 833 1618
Caisleán Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara..... (01) 628 6744
Mainistir Locha Léin (Mhucrois), Eastáit Mhucrois,
Páirc Náisiúnta Chill Áirne, Co. Chiarraí ..... (064) 667 0144
Garraithe Náisiúnta na Lus, BÁC 9..... (01) 804 0300
..... (01) 857 0909 – Áirithintí do Thurais
Sí an Bhrú.....(féach Brú na Bóinne)
Muilte Arbhair agus Lín an Mhuilinn Úir, Bóthar Mhín an Lábáin,
Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall..... (074) 912 5115
An Mhainistir Mhór, Tulaigh Álainn, Droichead Átha, Co Lú..... (041) 982 6459
Caisleán Urumhan, Páirc an Chaisleáin, Carraig na Siúire, Co Thiobraid Árann.(051) 640 787
Caisleán Parkes, Abhainn an Chartúin, Co Liatroma..... (071) 9164149
Iarsmalann an Phiarsaigh, Páirc Naomh Éanna, Bóthar na Gráinsí, Rath Fearnáin,
BÁC 16..... (01) 493 4208
Páirc an Fhionnuisce agus Caisleán Bhaile an Ásaigh,
Páirc an Fhionnuisce, BÁC 8..... (01) 677 0095/ 821 3021
Caisleán agus Gáirdíní Phort Omna, Port Omna, Co na Gaillimhe..... (090) 974 1658
Caisleán Rath Fhearnáin, Rath Fearnáin, BÁC 14..... (01) 493 9462
Túr Uí Raghnaill, An Ché, Port Láirge..... (051) 304 220
Carraig Phádraig, Caiseal, Co Thiobraid Árann..... (062) 61437
Oidhreacht Ros Cré, (Caisleán & Teach Damer),
Sráid an Chaisleáin, Ros Cré, Co Thiobraid Árann..... (0505) 21850
Caisleán an Rois, Cill Áirne, Co Chiarraí..... (064) 663 5851/2
Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann, An Bóthar Míleata,
Cill Mhaighneann, BÁC 8..... (01) 612 9900
Inis Cathaigh, Cill Rois, Co an Chláir..... (065) 682 9100
Sceilig Mhichíl, Co. Chiarraí..... (01) 647 6912/ 647 6000
Mainistir Shligigh, Sráid na Mainistreach, Sligeach..... (071) 914 6406
Eaglais Naomh Audeon, Margadh an Arbhair, An tSráid Ard, BÁC 8 (01) 677 0088
Eaglais Mhuire, Teach Caibidle,
Lána Theach an Tionóil, in aice Shráid Chéipil, BÁC 1..... (01) 833 1618
Eaglais Mhuire, Gabhrán, Co Chill Chainnigh (Ceann Oifig).... (056) 772 6894/ 776 7726
Páirc Fhaiche Stiabhna, Faiche Stiabhna, BÁC 2.. (01) 475 7816
Teachín Eilvéiseach, Cill Chuimín, An Chathair, Co Thiobraid Árann..... (052) 744 1144
Teach an Phiarsaigh, (Teachín Phádraig Mac Piarais),
Inbhear, lámh le Rosmuc, Co na Gaillimhe..... (091) 574 292
Acra na gCraipithe, Sráid na Binne Boirbe. BÁC 7..... (01) 702 8811
An Príomhgharda, Sráid an tSáirséalaigh, Cluain Meala, Co Thiobraid Árann (052) 612 7484
Mainistir Thinteirn, Muileann an tSáile, Ros Mhic Thriúin, Co Loch Garman..(051) 562 650
Caisleán Bhaile Átha Troim, Baile Átha Troim, Co na Mí ..... (046) 943 8619
Gáirdíní Cuimhneacháin an Chogaidh, Droichead na hInse, BÁC 8.....(01) 475 7816